euaa in 2024

Tacaíonn EUAA leis na Ballstáit pacáiste dhlíthe an Aontais Eorpaigh (AE) a chur i bhfeidhm lena rialaítear tearmann agus glacadh ar a dtugtar an Comhchóras Eorpach Tearmainn (CET).

Tá an Ghníomhaireacht

sainordaithe chun feidhmiú CET a fheabhsú agus cúnamh a thabhairt do na Ballstáit tríd an méid seo a leanas a chur ar fáil:

Tacaíocht oibríochtúil

trí phearsanra a imscaradh agus trí bhonneagar agus seirbhísí a sholáthar;

Fothú acmhainneachta

d'oifigigh náisiúnta tearmainn agus ghlactha;

Tacaíocht theicniúil

trí shonraí a bhaineann leis an tearmann a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh agus trí chaighdeáin agus treoirlínte oibríochtúla a fhorbairt.

Tacaíocht oibríochtúil

Shroich tacaíocht EUAA do na Ballstáit leibhéil nach bhfacthas a leithéid riamh in 2024.

1 077
pearsanra coibhéiseach lánaimseartha imscartha ar fud 13 thír

85 000
clárúchán tacaithe

16 000
agallamh déanta i 5 thír ina bhfuil oibríochtaí

Thacaigh an tSaoráid Tacaíochta Athlonnaithe sa Tuirc le **34** misean athlonnaithe agus chuidigh sí le **4 100** dídeanaí, an líon ba mhó ó bunaíodh an tsaoráid in 2019.

Foireann Tacaíochta Tearmainn

Bhí iomlán de **139 saineolaithe Ballstáit** ainmnithe d'Fhoirne Tacaíochta Tearmainn ag **18 mBallstát**



759 oibrithe gníomhaireachta sealadacha

125 saineolaithe Ballstáit

75 baill foirne

623 saineolaithe seachtracha a fuair luach saothair

Saineolaithe ainmnithe de réir tíre

an Ostair	7
an Bheilg	5
an Bhulgáir	1
an Chróit	2
an tSeicia	11
an Danmhairg	6
an Fhionlainn	5
an Fhrainc	21
an Ghearmáin	2
an Ungáir	5
an Laitvia	1
an Ísiltír	16
an Iorua	9
an Pholainn	12
an tSlóvaic	12
an Spáinn	14
an tSualainn	8
an Eilvéis	2

Fothú acmhainneachta

Méadú 29 % ar ghníomhaíochtaí oiliúna EUAA i gcomparáid le 2023, agus thart ar **18 000** rannpháirtithe iontu.

Rinne EUAA **athbhreithniú agus feabhsú** ar a **mhodúil oiliúna**, agus modúil nua á ndearadh aige chun bearnaí sainaitheanta a líonadh.

D'fhan an Curaclam Eorpach Tearmainn ina acmhainn dhinimiciúil, chuimsitheach agus ábhartha chun tacú le hoifigigh tearmainn agus ghlactha.

I mí na Nollag 2024, fuair EUAA **creidiúnú** ó údaráis Mhálta mar sholáthraí breisoideachais agus **ardoideachais**.

Eolas tearmainn

Le héileamh méadaithe ar COI agus MedCOI, **d'fhoilsigh EUAA faisnéis** maidir le faireachán a dhéanamh ar an staid i bpríomhthíortha tionscnaimh, amhail **an Afganastáin, an tSiria** agus **an Úcráin**.

In 2024, d'fhorbair nó nuashonraigh an Ghníomhaireacht **21 treoir agus uirlis**, mar shampla maidir le dearbhú cáilíochta, soláthar faisnéise sa nós imeachta tearmainn, clárú, pleanáil theagmhasach agus roghanna eile ar choinneáil.

Breis agus 600 cás nua cláraithe i **mBunachar Sonraí Cásdlí EUAA.**

Cuireadh leathanaigh nua san áireamh agus nuashonraíodh an t-ábhar ar ardán **Who is Who**de chuid EUAA, lena n-áirítear mapáil ar institiúidí náisiúnta um chearta an duine san Eoraip.

#AsylumReport2025

Eolas tearmainn

Ghabh tuarascáil nua, **Voices in Europe: Experiences, hopes and aspirations of forcibly displaced persons from Ukraine**, ullmhaithe i gcomhar leis an OECD agus le ranníocaíocht ó Gradus Research Company, eispéiris bhreis is 1 500 freagróirí de **Shuirbhé EUAA maidir le hImircigh ag Teacht ón Úcráin**.

D'fhreastail breis agus 2 500 rannpháirtithe ó údaráis náisiúnta, cúirteanna agus eagraíochtaí ar chruinnithe téamacha agus ceardlanna EUAA chun comhoibriú agus malartú eolais a chothú.

Eolas tearmainn

Faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm oibríochtúil agus teicniúil CET

Mar ullmhúchán do shásra faireacháin na Gníomhaireachta, glacadh modheolaíocht faireacháin choiteann agus clár faireacháin ilbhliantúil le haghaidh 2026–2030.

Tacú le cur chun feidhme an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann

Forbraíodh clár tiomnaithe chun aistriú éifeachtach na mBallstát chuig CEAS athchóirithe a éascú *(féach tuilleadh sonraí i gCuid 2.1).*

Forbraíodh oiliúint shaincheaptha do na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar a riachtanais a eascraíonn as oibleagáidí ionstraimí reachtacha an Chomhshocraithe.

D'fhorbair an Ghníomhaireacht treoirdhoiciméid, uirlisí cáilíochta, caighdeáin agus táscairí chun tacú leis na Ballstáit an Comhshocrú a chur chun feidhme go praiticiúil.

An comhar idirnáisiúnta

Lean EUAA de **thacú le** húdarais náisiúnta i **dtríú tíortha**, eadhon sna **Balcain Thiar, sa Tuirc** agus i réigiún **an Mheánoirthir** agus **na hAfraice Thuaidh (MENA)**.



Léiríodh sna **meastóireachtaí seachtracha** ar na treochláir le haghaidh comhar leis an gCosaiv agus le Montainéagró go raibh **tionscnaimh EUAA an-ábhartha do riachtanais na n-údarás comhpháirtíochta** agus gur rannchuidigh siad le nósanna imeachta tearmainn a neartú. Moladh sna meastóireachtaí sprioc, raon feidhme agus amlíne na dtreochlár a ailíniú leis na hacmhainní atá ar fáil.

Eagraíodh seisiúin oiliúna do ghairmithe tearmainn agus glactha tríú tír.

Cearta bunúsacha

Fuair an tOifigeach um Chearta Bunúsacha sé ghearán in 2024

2 i gcás gníomhartha líomhnaithe sa **Chipir**

1 i gcás gníomhartha líomhnaithe sa **Ghréig**

1 i gcás gníomhartha líomhnaithe sa **Ghearmáin**

2

A bhain leis an méid seo a leanas:

Sáruithe líomhnaithe ar an **gceart chun tearmainn** (Airteagal 18, CFR)

An ceart chun **dínit an duine** (Airteagal 1, CFR)

Neamh-idirdhealú (Airteagal 21, CFR)

Measadh 4 ghearán a bheith neamh-inghlactha
(ní raibh baill d'Fhoireann Tacaíochta Tearmainn EUAA bainteach leo nó ní raibh na fíorais ina sárú ar chearta bunúsacha)

Cuireadh stop le 1 ghearán ar feitheamh tuilleadh faisnéise

Bhí 1 ghearán fós **faoi scrúdú**